



CÚIRT  
INIÚCHÓIRÍ  
NA hEORPA

## **Cosaint Sonraí – Ráiteas Sonrach Príobháideachais Suirbhé maidir le clár AE AEO**

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an bpróiseáil a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) ar shonraí pearsanta agus measúnú á dhéanamh féachaint an ndéanann Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh (AEO) trádáil dhlísteanach a éascú agus an gcuireann sé feabhas ar shlándáil an tslabhra soláthair idirnáisiúnta. Chun faisnéis a bhailiú faoi thaithí agus tuairimí AEOanna, cuirtear fáilte romhat páirt a ghlacadh sa tsuirbhé a bheidh ar fáil trí nasc a chuirfear ar fáil duit ag ranna custaim na mBallstát.

Tabhair faoi deara go bhfuil an suirbhé anaithnid. Ní bheidh fhios ag an roinn custaim ná CIE cé a d'fhreagair é. Is mar gheall air seo, más rud é go bhfuil meabhrúchán nó meabhrúcháin ag teastáil, go ndéanfar é seo do gach teagmháil sa bhealach céanna leis an gcéad chuireadh. Má tá freagairt tugtha agat cheana ar an suirbhé, déan neamhaird ar aon mheabhrúchán a fhaigheann tú den chineál sin le do thoil.

Ní bheidh aon iarmhairtí ag rannpháirtíocht ar bith ach bheadh tuiscint níos fearr ag iniúchóirí CIE ar dhúshláin agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar rioscaí maidir leis an gclár AE AEO má fhaightear uasmhéid na bhfreagraí.

Tá an ceistneoir seo á seoladh chuig AEOanna ar fud an Aontais.

Tugtar cur síos ar an mbealach a dhéanann CIE do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint thíos.

### **Cé atá freagrach as do chuid sonraí a láimhseáil?**

Tá oibríochtaí próiseála sonraí faoi chúram an Chomhalta CIE atá freagrach as an iniúchadh, Seomra IV.

### **Cén fáth a bhailimid do chuid sonraí?**

Ní bhailítear sonraí pearsanta ar bith. Más rud é go bhfuil aon réimsí saora ó bhoscaí téacs, déan deimhin de nach gcuireann tú aon sonraí pearsanta ar fáil.

### **Cén sonraí pearsanta a bhailimid?**

Ní bhaileofar sonraí pearsanta ar bith toisc go bhfuil an suirbhé anaithnid.

### **Cá fhad a choimeádtar sonraí pearsanta?**

Ní stóráilann CIE aon sonraí pearsanta mar gheall gur seoladh amach an cuireadh ó ranna custaim na mBallstát, agus ní dhéanfaidh CIE ach an fhaisnéis a chuirtear ar fáil tríd an gceistneoir a phróiseáil.

## **Cad iad na rialacha lena rialaítear an chaoi a n-úsáidtear do shonraí?**

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, an creat dlíthiúil chun sonraí pearsanta a phróiseáil laistigh den Chúirt.

Is é Airteagal 287 an bunús dlí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## **Cé aige a bhfuil rochtain ar na sonraí agus cé leis a nochtfar iad?**

Tá rochtain ag an bhFoireann Iniúchóireachta ar sonraí pearsanta de réir an phrionsabail “ar bhonn riachtanais eolais”. Is féidir le foireann ó Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Iniúchóireachta CIE rochtain a fháil i bhfeidhmiú a cuid oibre rialaithe cáilíochta iniúchóireachta. I gcás gearáin, is féidir do chuid sonraí pearsanta a aistriú chuig Ombudsman agus/nó chuig Oifig Cosanta Sonraí agus/nó MECS.

## **Conas a chosnaímid na sonraí ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraíthe?**

Tá rochtain ar sonraí srianta d’úsáideoirí ar leith. Agus aird á tabhairt ar ról, post agus freagrachtaí an úsáideora lena mbaineann, deonaítear cearta rochtain “ar bhonn riachtanas”. Bíonn na cearta sin á nuashonrú go leanúnach de réir mar a athraíonn tascanna foirne.

Is ar an Ardrúnaí CIE atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le cur chun feidhme na rialacha ar chearta rochtana agus comhlíonadh le ceanglais cosanta sonraí. Tá freagracht tarmligthe ag an SG sna réimsí seo chuig eintitis éagsúla. Tá beartas slándála faisnéise ag an gCúirt agus Oifigeach Slándála Faisnéise a chinntíonn go gcuirtear an beartas chun feidhme i gceart agus go ndéantar na seiceálacha gaolmhara a thástáil le haghaidh éifeachtúlacht.

Chun an suirbhé seo a dhéanamh, baineann CIE úsáid as EUSurvey, córas bainistíocht suirbhéanna ilteangach ar líne a thógtar chun suirbhéanna a chruthú agus a fhoilsiú. Is uirlis í EUSurvey a chuirtear ar fáil do CIE, (an rialaitheoir), ag an gCoimisiún Eorpach, (an próiseálaí). Ní bhaineann an Coimisiún úsáid as fophróiseálaithe agus stóráiltear na sonraí uile ar fhreastalaithe Ionad Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá bearta slándála curtha chun feidhme ag an gCoimisiún Eorpach chun crua-earraí freastalaithe, bogearraí agus an líonra a chosaint ó ionramhálacha tionóisceacha nó mailíseacha agus ó chailteanas sonraí. Is í AS DIGIT a dhéanann na sonraí uile a bhainistiú i gcomhréir leis na forálacha slándála teicniúla a leagtar síos sa Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córais cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach, a leaganacha ina dhiaidh sin, a rialacha cur chun feidhme (arna n-oiriúnú ó am go chéile) agus na caighdeáin slándála agus treoirlínte comhfhreagracha chomh maith leis an gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis an tslándáil sa Choimisiún, a rialacha cur chun feidhme agus na fógraí slándála comhfhreagracha. Tá na doiciméid seo (arna n-oiriúnú ó am go chéile) ar fáil do chomhairliúchán ag an seoladh seo a leanas: [https://ec.europa.eu/info/publications/security-standards-applying-all-european-commission-information-systems\\_ga](https://ec.europa.eu/info/publications/security-standards-applying-all-european-commission-information-systems_ga).

Baineann EUSurvey úsáid as seirbhís Europa Analytics le haghaidh staitisticí tráchta agus anailísíochta. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar an suíomh gréasáin [Europa Analytics](#). Tá Europa Analytics bunaithe ar an ardán anailísíochta foinse oscailte “Matomo” (foinse: [Taifead EUSurvey](#)).

Agus páirt á ghlacadh sa suirbhé seo agat, beidh do chuid freagraí anaithnid.

## **Cad iad do chearta?**

Tá do chearta i leith sonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#). Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú gan mhoill má tá sé míchruinn nó neamhiomlán. Faoi choinníollacha áirithe, tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfar do shonraí pearsanta a léirscriosadh nó srian a chur lena n-úsáid. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh in aghaidh próiseáil sonraí pearsanta, ag tráth ar bith, ar fhorais a bhaineann le staid ar leith, agus an ceart chun iniomparthacht sonraí;

Déanfaimid machnamh ar d'iarratas, glacfaimid cinneadh agus cuirfimid fógra chugat gan mhoill agus ar chaoi ar bith laistigh d'aon mhí amháin an t-iarratas a fháil. Féadfar síneadh dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin más gá.

Is féidir do chearta a chur i bhfeidhm trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis teagmhála thíos.

## **Cé leis ar cheart duit teagmháil a dhéanamh má tá ceist nó gearán agat?**

Is é an rialaitheoir sonraí an chéad leibhéal teagmhála ag [ECA-INFO@eca.europa.eu](mailto:ECA-INFO@eca.europa.eu).

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Cúirte ag [ECA-Data-Protection@eca.europa.eu](mailto:ECA-Data-Protection@eca.europa.eu) ag tráth ar bith i gcás go bhfuil cúis imní/gearán agat faoi phróiseáil do shonraí pearsanta.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ([edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)) tráth ar bith faoi phróiseáil do shonraí pearsanta.